Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Meitheamh 2018**
**(OR. en)**

**9671/18**

**COPEN 180**
**CATS 39**
**EUROJUST 63**
**EJN 22**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 4 Meitheamh 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9005/18 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Bhliantúil Eurojust 2017 - Conclúidí ón gComhairle (4 Meitheamh 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Bhliantúil Eurojust 2017, a ghlac an Chomhairle ag an 3622ú cruinniú a bhí aici ar an 4 Meitheamh 2018.

# CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE TUARASCÁIL BHLIANTÚIL EUROJUST 2016

## TÁ NA CONCLÚIDÍ A LEANAS GLACTHA AG AN GCOMHAIRLE:

1. Is díol sásaimh don Chomhairle tuarascáil bhliantúil Eurojust 2017, agus an dul chun cinn foriomlán atá déanta ag Eurojust a chúraimí mar phríomhpháirtí a chur i gcrích maidir le comhordú breithiúnach agus comhar breithiúnach a éascú agus a neartú idir na húdaráis náisiúnta i dtaca le himscrúdú agus ionchúiseamh na gcineálacha is tromchúisí coireachta trasteorann, an sceimhlitheoireacht san áireamh.

2. Moltar do Eurojust a chomhpháirtíocht leis na geallsealbhóirí ábhartha go léir a chothú agus a chomhdhlúthú tuilleadh ar bhonn cur chuige ilghníomhaireachtaí, d'fhonn rannchuidiú le forbairt bhreise a dhéanamh ar an limistéar Eorpach ceartais agus slándála, mar a mbíonn cearta agus sábháilteacht na saoránach á ráthú.

3. D'fhonn feabhas a chur ar an bhfreagairt bhreithiúnach ar na bagairtí agus ar na dúshláin shlándála atá ag teacht chun cinn a imríonn tionchar ar shlándáil an Aontais Eorpaigh, moltar do Eurojust leanúint dá struchtúr agus dá mhodhanna oibre a fhorbairt maille lena spriocanna agus lena ghníomhaíochtaí straitéiseacha oibríochtúla, mar a leagtar amach thíos.

4. Agus é á aithint gurb é atá agus gurb é ba cheart a bheith ag croílár obair Eurojust ná an tacaíocht a thugann sé i gcásanna sonracha den chomhar breithiúnach idirnáisiúnta, ba cheart, i gcomhthéacs na leithdháiltí buiséadacha, acmhainní leordhóthanacha airgeadais agus pearsanra a chur ar fáil do Eurojust d'fhonn a áirithiú go bhfeidhmeoidh sé mar is cuí agus go ndéanfaidh sé na gníomhaíochtaí straitéiseacha agus oibríochtúla go léir a luaitear thíos.

## I. STRUCHTÚR AGUS MODHANNA OIBRE EUROJUST

Faoi chuimsiú an mhéid sin, ba cheart do Eurojust an méid seo a leanas a dhéanamh:

5. leanúint leis an gcabhair agus leis an gcur chun cinn i ndáil le cruinnithe comhordúcháin agus lárionaid chomhordúcháin a úsáid, ar bhonn na hacmhainne méadaithe teicniúla agus lóistíochta atá ann a bhuí le háitreabh nua Eurojust, mar uirlisí an-éifeachtach do ghníomhaíochtaí comhpháirteacha iltaobhacha comhordaithe ar mhórscála, atá ceaptha chun na deacrachtaí dlíthiúla agus praiticiúla a bhíonn ag na húdaráis náisiúnta inniúla sa chomhar breithiúnach trasnáisiúnta in ábhair choiriúla a shárú go gasta;

6. úsáid éifeachtach fhairsing ionstraimí eile den chomhar breithiúnach agus den aitheantas frithpháirteach a éascú agus a chur chun cinn, amhail an tOrdú Imscrúdaithe Eorpach (OIE), a bhfuil sé d'aidhm leis forghníomhú na mbeart imscrúdaithe sin a éascú dá dteastaíonn go mbailítear fianaise i gcásanna trasteorann, agus tacú leis na húdaráis náisiúnta trí OIEnna a fhorghníomhú go mear tapa;

7. leanúint d'úsáid na bhfoirne comhpháirteacha um imscrúdú (JITanna) a chur chun cinn, a éascú, a bhunú agus a chistiú, bunaithe ar an taithí, saineolas agus acmhainní sainiúla a chuirtear ar fáil trí Rúnaíocht Líonra na JITanna , arna hóstáil ag Eurojust, agus ag féachaint le rannpháirtíocht mhéadaithe na dtríú stát sna JITanna;

8. tógáil ar na torthaí ón anailís ardleibhéil theicniúil agus fheidhmiúil ar na feidhmiúlachtaí reatha agus na feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an gCóras Bainistithe Cásanna (CMS), agus ar an toradh a bhí ar athbhreithniú cáilíochta na sonraí méadaithe, agus tuilleadh feabhais a chur ar an malartú faisnéise leis na Ballstáit agus idir na Ballstáit;

9. feabhas a chur ar a chumas chun an t-eolas praiticiúil agus dlíthiúil a eascraíonn óna chásobair a choinneáil d'fhonn tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a ról comhairleach agus leanúint de thuairimí agus de tháirgí eile a chur ar fáil i réimse an chomhair bhreithiúnaigh ar mhaithe leis na cleachtóirí, amhail an iliomad tuarascálacha ar chásobair, treoirlínte, nótaí agus doiciméid ábhartha eile a foilsíodh le déanaí;

10. na moltaí comhpháirteacha a bheidh le cur isteach ag na Comhaltaí Náisiúnta éagsúla lena mbaineann, faoi chuimsiú chás Eurojust, chuig a n-údaráis inniúla náisiúnta faoi seach, a úsáid níos mó i ndáil leis na gníomhaíochtaí a liostaítear in Airteagal 6 de Chinneadh Eurojust ón gComhairle;

11. leanúint de Rúnaíocht an Ghréasáin Cinedhíothaithe, Rúnaíocht Ghréasáin na JITanna agus_Rúnaíocht an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh (EJN) a óstáil agus tacú lena gcuid gníomhaíochtaí agus cruinnithe;

12. leanúint den dlúth-chomhoibriú, agus an comhar agus na sineirgí a fheabhsú tuilleadh, le hinstitiúidí agus le geallsealbhóirí ábhartha, go háirithe leo seo a leanas:

   – Frontex, agus a chreat dlíthiúil nua á chur san áireamh;

   – Europol, d'fhonn caidreamh oibríochtúil níos dlúithe agus malartú faisnéise feabhsaithe a bhaint amach, go háirithe trí mheán shaineolaí náisiúnta ar iasacht Eurojust i ndáil le Cibearchoireacht atá postaithe in Ionad Cibearchoireachta na hEorpa (EC3) ar ionad Europol-bhunaithe é agus ionadaí nuacheaptha Eurojust chuig Lárionad Frithsceimhlitheoireachta na hEorpa (ECTC);

13. leanúint de chaidreamh seachtrach Eurojust a fhorbairt, ag cur leis na héachtaí a rinneadh in 2017, rud a d'fhág gur tháinig méadú ar líon na gcásanna arna gclárú ag ionchúisitheoirí idirchaidrimh tríú tíortha le Eurojust, lenar postaíodh ionchúisitheoir idirchaidrimh nua as Montainéagró, lenar tháinig comhaontuithe nua comhair i bhfeidhm le Montainéagró agus leis an Úcráin agus lenar méadaíodh pointí teagmhála breithiúnacha gréasán Eurojust i dtríú tíortha;

14. an Litir Tuisceana arna tabhairt i gcrích le déanaí idir Eurojust agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) a chur chun feidhme, d'fhonn an comhar agus an comhordú eatarthu a fheabhsú tuilleadh agus chun an malartú frithpháirteach faisnéise straitéisí eatarthu a mhéadú, go háirithe i réimsí an cheartais choiriúil, na frithsceimhlitheoireachta, na cibearchoireachta, smuigleála imirceach agus gáinneála ar dhaoine;

15. breisluach a chúraim a chur chun cinn i gcónaí, ar breisluach é a léirítear leis an méadú breise atá tagtha ar mhéid foriomlán a chásoibre, trí dhíriú den chuid is mó ar chásanna casta a bhaineann le níos mó ná Ballstát amháin nó le tríú stáit chomh maith, agus trína thabhairt faoi thionscnaimh mhúscailte feasachta atá dírithe ar eolas na gcleachtóirí ar a chuid seirbhísí a mhéadú tuilleadh agus le go mbainfidh siad níos mó úsáide astu dá réir sin;

16. leanúintde bheith ag cur leis na gníomhaíochtaí a bhfuil gá leo chun timthriall beartais an Aontais a chur chun feidhme, go háirithe trí chur leis na pleananna straitéiseacha ilbhliantúla (MASPanna) agus na pleananna gníomhaíochta oibriúcháin (OAPanna), chomh maith le cuidiú níos mó ar bhealach gníomhach leis an obair atá ar bun ag an mBuanchoiste um an gComhar Oibríochtúil sa tSlándáil Inmheánach (COSI);

17. leanúintdá chuid iarrachtaí chun a struchtúir agus a chleachtais inmheánacha oibre a chuíchóiriú, bunaithe ar thorthaí dearfacha an atheagair a rinneadh le déanaí ar a struchtúr agus ar a phróisis, le linn dó a bheith ag fanacht leis na hathruithe struchtúracha ar a chóras rialachais dá bhforáiltear sa dréachtrialachán maidir le Eurojust, atá faoi láthair sa chéim dheireanach den chaibidlíocht, agus an comhar a bheidh ann amach anseo idir Eurojust agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) a ullmhú, ar comhar é a dhéanfar a rialáil le socrú oibre.

## II. SPRIOCANNA AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA AGUS OIBRÍOCHTÚLA EUROJUST

18. Sa chomhthéacs seo, tá cuíchóiriú déanta ag Eurojust ar a spriocanna agus ar a ghníomhaíochtaí straitéiseacha agus oibríochtúla, agus ba cheart dó leanúint dá n-ailíniú leis na tosaíochtaí arna leagan síos acu seo a leanas:

- an clár oibre Eorpach maidir leis an tslándáil;
- straitéis athnuaite slándála inmheánaí an Aontais Eorpaigh 2015-2020;
- an clár oibre Eorpach maidir leis an imirce;
- tosaíochtaí na Comhairle don chomhrac i gcoinne na coireachta tromchúisí eagraithe do 2018-2021 i gcreat thimthriall beartais an Aontais.

19. Chuir Eurojust roinnt gníomhaíochtaí i gcrích sna réimsí coireachta seo a leanas, nach mór dó aghaidh a thabhairt orthu mar ábhar tosaíochta, trí thacú le comhar oibríochtúil, sa réimsí seo a leanas go príomha:

a) an sceimhlitheoireacht, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

   - comhar níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí a chur chun cinn i measc údaráis bhreithiúnacha na mBallstát i gcásanna sceimhlitheoireachta trasteorann, go háirithe trí thacú le malartú feabhsaithe tráthúil faisnéise agus le comhroinnt na gcleachtas is fearr;
   - sa chomhthéacs sin, d'fhonn go bhféadfaí freagairt chomhordaithe, leordhóthanach a thabhairt, ag úsáid na n-uirlisí ar fad atá ar fáil, amhail JITanna, i líon níos mó cásanna sceimhlitheoireachta agus an Monatóir ar Chiontuithe Sceimhlitheoireachta (TCM), lena dtugtar forléargas agus anailís do chleachtóirí ar chásanna a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht;

– leanúint den obair straitéiseach atá ar bun aige a dhíriú ar an bhforbairt ar fhreagairt an cheartais choiriúil do na saincheisteanna a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht maille leis an anailís a dhéantar orthu, mar a rinneadh le déanaí ina chúigiú tuarascáil *'Foreign Fighters*: *Eurojust views on the phenomenon and the Criminal Justice response'* [Trodaithe Eachtracha: Tuairimí Eurojust ar an bhfeiniméan agus ar fhreagairt an cheartais choiriúil], ina gcumhdaítear ceist an radacaithe freisin;

– leanúint d'fhaireachán agus d'anailís a dhéanamh ar fhorbairtí agus ar threochtaí sa chreat reachtach agus i gcásdlí na mBallstát, lena n-áirítear modhanna eile seachas coinneáil, d'fhonn leasú a dhéanamh ar an bhfreagairt bhreithiúnach do na dúshláin atá ag teacht chun cinn sa réimse sin.

b) Gáinneáil ar dhaoine (THB), go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

– leanúint de chúnamh a chur ar fáil do na húdaráis inniúla sna Ballstáit agus imscrúdú agus ionchúiseamh á dhéanamh ar líon méadaithe cásanna trasteorann maidir le gáinneáil ar dhaoine, agus béim ar leith á leagan ar na dúshláin a aithníodh i dTuarascáil Mheastóireachta Deiridh Phlean Gníomhaíochta 2012-2016 Eurojust i gcoinne na gáinneála ar dhaoine;

– oibriú le go mbainfí níos mó úsáide as JITanna i gcásanna gáinneála ar dhaoine;

– gníomhaíochtaí straitéiseacha a chur i gcrích i gcomhpháirt le geallsealbhóirí ábhartha, amhail Comhordaitheoir Frithgháinneála an Aontais agus Oifig na Náisiún Aontaithe i leith Drugaí agus Coireachta (UNODC), d'fhonn feabhas a chur ar éifeachtacht an chomhair idirnáisiúnta sa réimse seo.

c) Smuigleáil imirceach, go háirithe tríd an méid seo a leanas:

– leanúint de chúnamh a thabhairt do na Ballstáit chun dul i ngleic leis an bhfeiniméin choiriúil mhéadaitheach seo, agus go háirithe i ndáil lena gcumas deireadh a chur le grúpaí coiriúla eagraithe (OCGanna) agus iad a ionchúiseamh;

- a áirithiú go ndéantar obair leantach bhreithiúnach agus comhar ar leibhéal an Aontais sa réimse sin;
- tacú le húdaráis bhreithiúnacha inniúla na dteophointí trí mheán a ndeasc náisiúnta;
- a chomhar oibríochtúil le Europol a neartú trí oibriú le chéile lena thionscadal anailíse maidir le smuigléireacht imirceach, agus féachaint an bhféadfaí dlúthchaidreamh oibríochtúil a fhorbairt tuilleadh leis an Lárionad Eorpach maidir le Smuigléireacht Imirceach (EMSC), ar lárionad Europol-bhunaithe é;
- gníomhaíochtaí straitéiseacha a chur i gcrích i gcomhpháirt le geallsealbhóirí ábhartha, amhail oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir Láir-Theas (EUNAVFOR MED) agus misin agus oibríochtaí an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta (CBSC), d'fhonn feabhas a chur ar éifeachtacht an chomhair idirnáisiúnta sa réimse seo;
- leanúint d'anailís chásbhunaithe a dhéanamh agus uirlisí a fhorbairt do chleachtóirí chun dul i ngleic le cásanna smuigleála imirceach.

d) Cibearchoireacht, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- leanúint de bheith ag cuidiú le húdaráis náisiúnta bhreithiúnacha, d'fhonn éifeachtacht imscrúduithe agus ionchúiseamh cionta cibearbhunaithe agus cibearchumasaithe a áirithiú;
- úsáid JITanna i gcásanna cibearchoireachta a chur chun cinn;
- úsáid an Mhonatóra Bhreithiúnaigh ar Chibearchoireacht (CJM) a chur chun cinn, ar tacaíocht é do chleachtóirí i gcásanna cibearchoireachta agus do dhúshláin ghaolmhara;

– páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh um Chibearchoireacht (EJCN) agus tacú go gníomhach leo, lena n-áirítear tríd an dá chruinniú iomlánacha a bhíonn aige gach bliain a mhaoiniú, a óstáil agus a eagrú ina áitreabh féin;

– leanúint d'aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna dlíthiúla agus praiticiúla i réimse na cibearchoireachta, agus na forbairtí iontu a leanúint agus comhairle a thabhairt ina leith, go háirithe i réimsí an chriptithe, na coinneála sonraí, imscrúduithe Darknet agus r-fhaisnéis, d'fhonn feabhas a chur ar an gceartas coiriúil sa chibearspás.